COMHAD FÍRICÍ:
BIA AGUS COTHÚ GCSE

Rewarding Learning

COMHPHÁIRT 1

Straitéisí Molta Teagaisc agus Foghlama: Comhpháirt 1

Ag leibhéal GCSE, díríonn daltaí ar an tsonraíocht agus ar an dúshlán de choincheapa níos casta a thuiscint ná ag Eochairchéim 3. Beifear ag súil:

- go n-éireoidh siad cleachta le faisnéis agus í a choinneáil go mion faoi choinne leibhéal GCSE;
- go rachaidh siad i ngleic le faisnéis le tuiscint a fhorbairt;
- go gcuirfidh siad foghlaim i bhfeidhm maidir le comhthéacsanna coimhthíocha;
- go ndéanfaidh siad cumarsáid níos fearr - freagairtí a leagan amach ar dhóigheanna níos soiléire agus níos fearr; teanga an ábhair a úsáid go héifeachtach lena n-áirítear sainstór focal;
- go smaoineoidh siad níos criticiúla - taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, sin a cheistiú agus a anailísiú; agus
- go n-ullmhóidh siad do scrúdú scríofa seachtrach i.e. go n-éireoidh siad cleachta leis na stíleanna difriúla de cheisteanna úsáidte, critéir mharcála an scrúdaithe agus an chomhairle ó na scrúdaitheoirí (Féach Tuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora ar leathanaigh ábhair CCEA).

Is smaoineamh maith é straitéisí teagaisc agus foghlama a roghnú a chuidíonn le daltaí an t-aistriú seo a dhéanamh. Is iomaí straitéis éifeachtach atá le roghnú agus is é an múinteoir an duine is fearr lena oibriú amach an rogha is fóirsteanaí dá dhaltaí. Mar sin féin, an phríomhtheachtaireacht ná réimse straitéisí a chur i bhfeidhm le bheith fóirsteanach d'éagsúlacht stíleanna foghlama agus le forbairt na dtrí chuspóir mheasúnaithe a chinntiú.

Scileanna Cuimhne	
Braitheann cuid mhór foghlama ar úsáid ghníomhach agus éifeachtach na scileanna cuimhne. Ní mór do dhaltaí straitéisí a fhorbairt atá lena leas.	**Mar shampla:** • Déan go fisiúil é: cuidíonn luaschártaí, líníochtaí, dathchódú agus meabhairmhapaí le nasc a chruthú idir focail, íomhánna agus topaicí difriúla, rudaí a chuidíonn le tuiscint agus le coinneáil faisnéise. • Labhair faoi: is féidir le míniú na topaice do dhaoine eile cuimhne agus athchuimhne a neartú. • Neart cleachtaidh: dá mhéad a chleachtann daltaí scileanna is amhlaidh is dóchúla go n-éireoidh na scileanna sin uathoibríoch.
Stór focal	
Feabhsóidh úsáid éifeachtach as sainstór focal caighdeán freagra scríofa.	**Mar shampla:** • Déan cinnte go bhfuil an fáth ar eolas ag daltaí ar an ghá le cuid mhór stór focal a bheith acu agus ar an áit le teacht air - tá gluais chuimsitheach ag an téacsleabhar. • Cuir am i leataobh sna ranganna le hathbhreithniú a dhéanamh ar stór focal topaice agus le labhairt faoin dóigh le sainmhínithe a chur de ghlanmheabhair.

Dul i ngleic le faisnéis	
Nuair a théann daltaí i ngleic le faisnéis feabhsaíonn siad a gcuid tuisceana agus coinneála. Is féidir leis seo a bheith dúshlánach ag leibhéal GCSE agus is é sin an fáth a bhfuil a oiread samplaí san áireamh anseo. Is féidir leis an mhúinteoir triail a bhaint astu agus cinneadh a dhéanamh faoin chur chuige is fearr do ranganna faoi leith. Arís eile, an rud is tábhachtaí ná éagsúlacht agus athrú ón tseanscéal chéanna a chur ar fáil.	• Foghlaim a nascadh leis an tsaol mar atá ach úsáid a bhaint as staróga, cás-staidéir agus samplaí ón fhíorshaol. Cuireann an tsonraíocht GCSE Bia agus Cothú leis an chur chuige seo go han-mhaith. • Is féidir obair ghrúpa agus comhoibriú sos a thabhairt do dhaltaí ó bheith ag obair ina n-aonar agus spreagann sé foghlaim óna chéile. • An toradh ar obair a chur i láthair agus a roinnt ná daltaí a bhíonn freagrach agus ligeann sé dóibh cloisteáil ó dhuine eile seachas an múinteoir. Is féidir seo a dhéanamh i ngrúpaí má bhíonn na daltaí neirbhíseach faoi labhairt os comhair an ranga. • Cuir rogha de ghníomhaíochtaí ar fáil sa cheacht ionas go mothaíonn na daltaí i gceannas ar a gcuid foghlama. • Cuir inneachar foghlama i láthair i réimse bealaí, lena n-áirítear acmhainní físeáin, fuaime agus digiteacha. • Má bhíonn deacrachtaí ag daltaí páirt a ghlacadh i gceacht iomlán, cuir iallach orthu bogadh, mar shampla, ag rothlú trí shuíomhanna difriúla thart ar an tseomra thar fhad gníomhaíochta. • Is féidir cluichí sa rang agus tráthanna na gceist daltaí a spreagadh le páirt a ghlacadh in iomaíocht chairdiúil. Bíonn siad úsáideach nuair is gníomhaíochtaí nach bhfuil mórán ag brath orthu iad ionas go mbíonn an bhéim ar fhoghlaim seachas ar bhua.
Eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna	
Is féidir le cártaí suímh cuidiú le daltaí le Cuspóir Measúnaithe 2 (AO2) – *eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna.* Tá an t-ualú is troime ag AO2 de na trí chuspóir sa scrúdú scríofa agus is scil í a fhágann daltaí ar lár go minic.	**Mar shampla:** Is féidir le cártaí suímh a ghiniúint ó cheisteanna iarpháipéir amhail: *Déan luacháil ar úsáid chárta dochair agus tú ag íoc as béile i mbialann. (2022 C7).* Is féidir le roinnt mhaith cásanna teacht ó cheist iarpháipéir amháin, **mar shampla:** Déan luacháil ar úsáid *chárta creidmheasa* agus tú ag íoc as béile i mbialann. Déan luacháil ar úsáid *airgead tirim* agus tú ag íoc as béile i mbialann. Déan luacháil ar úsáid *chárta dochair* agus tú ag íoc as bia in ollmhargadh. Agus mar sin de.
Ceist scrúdaithe a léamh agus a thuiscint	
Is ard-scil í ceist scrúdaithe a léamh agus a thuiscint agus tá gá le cleachtadh rialta má bhíonn daltaí le héirí cumasach. Tá treoir bhreise ar fáil sa Chomhad Fíricí: Ba cheart Ceisteanna Scrúdaithe a Léamh agus a Thuiscint a roinnt leis na daltaí.	**Mar shampla:** • Is féidir leis an mhúinteoir próiseas bhriseadh anuas na ceiste a shamhaltú ina bhfocail agus ina focail ordaithe. D'fhéadfadh daltaí freagairt a phleanáil ina ngrúpaí. Gach seans go mothóidh daltaí réidh leis an cheist a fhreagairt go neamhspleách.
Teicníc scrúdaithe	
Dóigh chumhachtach amháin le cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar riachtanais an scrúdaithe ná freagraí eiseamláire a mharcáil le chéile ag baint úsáid as an scéim marcála sular dtaispeánfar dóibh an dóigh ar thug an scrúdaitheoir an marc.	**Mar shampla:** • Is féidir teacht ar fhreagraí eiseamláire sa PDF de chuid Eacnamaíocht Bhaile GCSE: Bia agus Cothú feidhmíocht i Scrúdú a Eiseamláiriú 2019 ar shuíomh gréasáin CCEA.

© CCEA 2023